Céim 1: Líon isteach na ceisteanna

Bhí. Bhí mé ar saoire campála le mo theaghlach. Bhí sé ar fheabhas.

I ndeisceart na Fraince, cúpla míle ó Toulouse.

Bhuaileamar leis an ngníomhaire taistil agus fuaireamar an teach saoire léi agus ansin chuireamar na heitiltí in áirithe ar an idirlíon.

Bhí teach saoire ar cíos againn ann. Teach mór seanfhaiseanta a bhí ann agus bhí radharc iontach agam ar an mbruachbhaile ó mo sheomra.

D'fhanamar ann ar feadh míosa!

Chaith mé mo chuid ama ag spaisteoireacht timpeall an sráidbhaile. Bhí sé ar maos le siopaí agus bialanna beaga gleoite. Chuamar ar turais lae freisin. Thugamar cuairt ar seanchaisleán áitiúil lá amhain mar shampla agus chuamar ag siopadóireacht i Toulouse lá eile.

Bhí sé an-bhlasta agus saor chomh maith. Bhíomar ábalta ithe i mbialanna beagnach gach lá agus bhí na béilí thar cionn. Níos fearr ná McDonalds ar aon nós agus níos saoire freisin, creid nó ná creid!

Cinnte! Bhuail mé le neart cairde nua. Tá na daoine ann níos gealgháirí ná muintir na hÉireann caithfidh mé a rá. Réitigh mé go hiontach leo.

Lig mé mo scíth gach oíche. Níor mhian liom dul amach san oíche mar bhí mé ann le mo chlann. Ar an oíche dheireanach chuamar go dtí teach tábhairne ach ní raibh cead agam ach deoch amháin a fháil ar an drochuair.

Bhí áiseanna maithe ann. Mar a dúirt mé cheana, bhí an sráidbhaile plódaithe le bialanna agus siopaí beaga. Bhí galfchúrsa in aice láimhe freisin agus tá an-suim agam sa ghalf. Bhuaigh mé a lán cluichí ann.

Bhí sé beagán róthe chun an fhírinne a rá! Shroich an teocht daichead gcéim san iarnóin; bhí an ghrian ag spalpadh anuas orainn gach lá agus chuir sé tuirse an domhain orm. Ní féidir brath ar an aimsir in Éirinn ar ndóigh ach ar a laghad ní bheidh tú marbh ag an teas. Beag an baol!

Laethanta Saoire

Ainmfhocal Uatha sa Tuiseal Ginideach

coicís ~ ar feadh _____

mí ~ ar feadh _____

an tír ~ in iarthar ____ _____

an Fhrainc ~ i dtuaisceart _____ _____

an Spáinn ~ i ndeisceart _____ _____

an Eorap ~ in oirthear _____ _____

an chathair ~ ar imeall _____ _____

an baile ~ i lár _____ _____

an áit ~ muintir _____ _____

Éire ~ muintir _____ _____

Ceisteanna

1. An raibh tú ar laethanta saoire anuraidh?
2. An raibh tú riamh thar lear?
3. An raibh tú ar mhalartú scoile / ar scéim malairte riamh?
4. An ndeachaigh tú ar chúrsa Gaeltachta riamh?
5. Inis dom faoi! Abair liom faoi!
6. Cá ndeachaigh tú?
7. Conas a bhfuair tú na ticéid? / Conas a chuir tú an saoire in áirithe?
8. An ndeachaigh tú ar long / ar eitleán / ar bhád / ar thraein?
9. Cá fhad a bhí tú ann? / Cá fhad ar fhan tú ann?
10. Conas a chaith tú do chuid ama?
11. An raibh na háiseanna go maith?
12. Cad a rinne tú san oíche?
13. An ndearna tú cairdeas nua ar an tsaoire?
14. Cad a cheapann tú faoi mhuintir na háite?
15. Conas a bhí an aimsir ann?

Bhí mé, cinnte! Go deimhin. Anuraidh, bhí mé sa Spáinn ar feadh coicíse le mo chlann. D'fhanamar in óstán beag seanfhaiseanta i sráidbhaile cúpla míle lasmuigh de Malaga i ndeisceart na tíre. B'áit álainn í. Bhí na radhairc dochreidte; bhí sé ar an gcósta in áit iargúlta lán le tránna gainmheacha. Chaitheamar ár gcuid ama ag spaisteoireacht nó ag sú na gréine ar an trá. Bhí an ghrian ag spalpadh anuas orainn Bhí mé ábalta mo scíth a ligean agus bhain mé an-taitneamh as.

Cad iad na difríochtaí idir an tír sin agus Éire?

* Céimeanna comparáide na hAidiachtaí

te - níos _____

fuar - níos _____

réchúiseach - níos _____

gealgháireach - níos _____

cairdiúil - níos _____

fiosrach - níos _____

dathúil - níos _____

blasta - níos _____

suimiúil - níos _____

meirbh - níos _____

aisteach - níos _____

Sracfhéachaint siar - Laethanta Saoire

in a_ _ _ _ á i _ _ _ - nearby

na h_ _ _ i _ tí - the flights

Chuir sé an bord i_ _ir _ th _ - He booked the table

ar m _ _ _ le - steeped in

áit _ _ _ _ - local

g _ _ _ i _ _ - lovely

b _ _ g _ _ _ _ - almost

i _ d _ _ _ c _ _ r _ na Spáinne - In the south of Spain

g_ _ _ m _ a _ _ _ taistil - travel agent

s _ _ _ _ b _ _ _ _ _ - village

_ r aon n _ _ - anyway

níos g_ _ _ gh _ _ _ _ - more cheerful

a_ f _ _ d _ m _ _ _ a - for a month

L_ _ mé mo s_ í _ h - I relaxed

m_ _ _ _ _ _ _ _ h É _ _ _ _ _ _ _ - the people of Ireland

ag _ p_ _ s _ _ _ _ reacht - rambling

c_ _ _ _ f _ _ _ mé _ _ _ - I must say

n _ _ _ _ cairde - plenty of friends

ar _ _ d_ o _ hu _ _ _ - unfortunately

san _ _ r _ _ in - In the afternoon

ag _p_ lp _ _ _ an_ _ _ orainn - beating down on us

Ní f_ _ _ _ _ br _ _ _ ar an aimsir - You can't depend on the weather

B_ _ _ an b_ _ _ ! - Little danger (of that)

ar a l_ g_ ad - at least

an_ _ a _ _ _ - last year

r _ _ _ a _ _ d _ ch _ _ _ _ _ _ - unbelievable sight

t_ _ _ _ _ _ ain_ h _ _ _ _ _ - sandy beaches

ag s_ na g_ _ _ _ _ - sunbathing